The Teresian School

EOLAS

Lá Féile Pádraig 2021

Teachtaireocht ón bPrPríomhoide, Deirdre Hickey

Beatha agus Sláinte!

Tá súil agam go mbainfidh sibh uile sult as an nuachtlitir speisialta seo, foilsithe le haghaidh Seachtain na Gaeilge. Tá sé suimiúil agus spraoiúil. Táim féin ag súil go mór le roinnt cócaireacht a dhéanamh agus triail a bhaint as cuid de na hoidis atá curtha le chéile ag lucht na Idirbhliana.

Beannachtaí na Féile Pádraig oraibh!

Greetings!

I hope that you all enjoy this special newsletter, published for Irish Language Week. It is both interesting and enjoyable. I'm very much looking forward to trying some of the tasty recipes put together by the TYs.

Happy St. Patrick's Day to you all.

What is Seachtain na Gaeilge?

Seachtain na Gaeilge

1-17 Márta

Is féile idirnáisiúnta Ghaeilge í Seachtain na Gaeilge.

Is iomaí ambasadóir sheachtain na Gaeilge atá againn i mbliana.

Declan Hannon – Captaen Foireann Iománaíochta Luimnigh é Declan. Is minic a bhíonn Gaeilge á labhairt aige.

Imelda May – Is amhránaí í as Baile Átha Cliath.

Bláthnaid Treacy – Cuireann sí An Chrannchur Náisiúnta agus Clár Cairteacha ar 2FM i láthair.

Bain úsáid as do chuid Gaeilge idir an 1 agus 17 Márta. Beatha teanga í a labhairt.

Want to Improve Your Irish?

Modhanna le feabhas a chur ar do chuid Gaeilge

Seo ceithre bhealach:

- Labhair – Bíodh an misneach agat comhrá a dhéanamh as Gaeilge.
- Léigh – Is iomaí áiseanna léitheoireachta i nGaeilge atá ar fáil dúinn.
- Éist – Éist le podchraoladh- Beo ar éigin ar RTÉ Raidió 1 agus Leighleat.com
  - Suíomh gréasáin den chéad scoth. Is féidir scéalta a roghnú agus an téascs a leanúint agus é á léamh amach ag an am céanna.
- Scríobh - Seol téacs chuig do chara i nGaeilge ó am go chéile.

The Story of St Patrick

Naomh Pádraig

Deir daoine gur rugadh Naomh Pádraig in Albain sa bhliain 387. Tá daoine eile ann a deir gur sa Bhreatain Bheag a rugadh é. Is deacair bheith cinnte faoi. Nuair a bhí Pádraig ina ghasúr óg, thóg grúpa foghlaithe é agus thug siad go hÉirinn leo é. Bhí na foghlaithe an-dian ar Phádraig. D'oibrigh sé ó mhaidin go hoíche mar aoire, ag tabhairt aire do chaoirigh.

Ní raibh Pádraig sásta in Éirinn. Ní raibh saol maith aige. Chaith sé gach oíche ag guí chun Dé. Oíche amháin, chuala sé duine éigin ag caint leis. Dia a bhí ann. Dúirt Dia leis go raibh air imeacht as an áit sin agus go raibh bád ag fanacht lena thabhairt abhaile, ar ais chuig a theaghlach. D'imigh Pádraig leis agus lúcháir an domhain air.

Bhí Pádraig an-sásta bheith ar ais arís ina thír féin, ach oíche amháin, bhí brionglóid eile aige. Chuala sé daoine in Éirinn ag iarraidh air dul ar ais chucu. Thuig sé go raibh Dia ag iarraidh air dul ar ais go hÉirinn le labhairt leis na daoine faoi Dhia.

Chuaigh sé le bheith ina shagart agus tar éis tamaill tháinig sé ar ais go hÉirinn le labhairt leis na daoine faoi Dhia. Ní raibh eagla ar bith air an t-am seo ach sona sásta a bhí sé.

Chaith Naomh Pádraig 60 bliain in Éirinn agus fuair sé bás ar an 17 Márta, Sa bhliain 461.

Gluais:
Albain – Scotland
An Bhreatain Bheag – Wales
Na foghlaithe – Raiders/Plunderers
Aoire – Shepherd
Ag guí - praying
Lúcháir an domhain – Delighted/overjoyed

Text Talk As Gaeilge

GRMA GO RAIBH MAITH AGAT

CLG CEART GO LEOR

LDT LE DO THOIL

CF ? CÉN FÁTH ?

FAB FADBH AR BITH

GOA GÁIRE OS ARD

BLD BUÍOCHAS LE DIA

AN8 ANOCHT

7IN SEACHTAIN

GML GABH MO LEITHSCÉAL

NBB NÁ BÍ BUARTHA

LSBS LÁ BREITHE SHONA DUIT

Proverbs

Beart gan leigheas, foighne is fearr dó.
Patience is the best thing for an incurable situation

Beatha duine a thoil
Everyone to his own tastes

Beatha teanga í a labhairt.
It's the life of a language to speak it

Beidh lá eile ag an bPaorach.
Power will have another day

Bliain le duine agus bliain ina choinne.
One year with you, one against you

Breithnigh an abhainn sara dtéir ina cuilithe.
Observe the river before you venture into its currents

Briseann an dúchas trí shúile an chait.
Nature breaks out through the eyes of the cat

Bíonn adharca fada ar na buaibh thar lear.
Faraway cows have long horns

Bíonn an fhírinne searbh.
Truth is often bitter

Bíonn blas ar an mbeagán.
A little of anything is tasty

Bíonn blas milis ar phraiseach na gcomharsan.
The neighbours gruel tastes sweet

Bíonn caora dhubh ar an tréad is gile .
Even the whitest flock has a black sheep

Bíonn cead cainte ag fear caillte na himeartha.
The man who has lost the match has permission to talk

Bíonn dhá insint ar gach aon scéal.
There are two sides to every story

Bíonn gach tosú lag.
Every beginning is weak